I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le hAlt 20 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2013 (Uimh. 37 de 2013), déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair na rialacháin seo a leanas:

1. Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Aois Incheadaithe Uasta Tacsaithe) 2025 is teideal do na Rialacháin seo.

2. Is ionann "Príomhrialacháin" sna Rialacháin seo agus na Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí), 2015 (I.R. Uimh. 33 de 2015).

3. Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh ar an [●].

4. Leasaítear na Príomhrialacháin tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Rialachán 31:

*"31. (1) Faoi réir mhíreanna (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8) agus (8A) is é an aois uasta is incheadaithe maidir le—*

*(a) gnáth-thacsaí, gnáth-hacnaí nó hacnaí limistéir áitiúil deich mbliana ó dháta chéad chlárúcháin na feithicle, agus*

*(b) tacsaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha nó hacnaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha cúig bliana déag ó dháta chéad chlárúcháin na feithicle.*

*(2) Faoi réir mhíreanna (4), (5), (6), (7) agus (8) sa chás ina bhfuil baint ag feithicil le gnáthcheadúnas tacsaí nó gnáthcheadúnas hacnaí a deonaíodh den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2009 agus ina raibh baint aici leis an gceadúnas sin ar an 1 Eanáir 2013, is é an aois incheadaithe uasta maidir le feithicil dá leithéid ná cúig bliana déag ó dháta chéad chlárúcháin na feithicle.*

*(3) Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le limisíní.*

*(4) D'ainneoin aon ní i mír (1) nó (2), ina mbeadh a n-aois incheadaithe uasta de dheich mbliana nó de chúig bliana déag bainte amach ag gnáth-thacsaí, gnáth-hacnaí, tacsaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha nó hacnaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha idir an 13 Márta 2020 agus an 31 Nollaig 2020, mar gheall ar na tréimhsí ama a sonraítear i mír (1) agus (2), measfar nach bhfuil a n-aois incheadaithe uasta bainte amach acu go ceann 60 mí i ndiaidh an dáta ar a mbainfeadh siad a n-aois incheadaithe uasta de dheich mbliana nó de chúig bliana déag amach mar gheall ar na tréimhsí ama a shonraítear i mír (1) agus (2) gan cur i bhfeidhm an mhír (4) seo.*

*(5) D'ainneoin aon ní i mír (1) nó (2), ina mbeadh a n-aois incheadaithe uasta de dheich mbliana nó de chúig bliana déag bainte amach ag gnáth-thacsaí, gnáth-hacnaí, tacsaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha nó hacnaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2021, mar gheall ar na tréimhsí ama a sonraítear i mír (1) agus (2), measfar nach bhfuil a n-aois incheadaithe uasta bainte amach acu go ceann 48 mí i ndiaidh an dáta ar a*

*mbainfeadh siad a n-aois incheadaithe uasta de dheich mbliana nó de chúig bliana déag amach mar gheall ar na tréimhsí ama a shonraítear i mír (1) agus (2) gan cur i bhfeidhm an mhír (5) seo.*

*(6) D'ainneoin aon ní i mír (1) nó (2), ina mbeadh a n-aois incheadaithe uasta de dheich mbliana nó de chúig bliana déag bainte amach ag gnáth-thacsaí, gnáth-hacnaí, tacsaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha nó hacnaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha idir an 1 Eanáir 2022 agus an 31 Nollaig 2022, mar gheall ar na tréimhsí ama a sonraítear i mír (1) agus (2), measfar nach bhfuil a n-aois incheadaithe uasta bainte amach acu go ceann 48 mí i ndiaidh an dáta ar a mbainfeadh siad a n-aois incheadaithe uasta de dheich mbliana nó de chúig bliana déag amach mar gheall ar na tréimhsí ama a shonraítear i mír (1) agus (2) gan cur i bhfeidhm an mhír (6) seo.*

*(7) D'ainneoin aon ní i mír (1) nó (2), ina mbeadh a n-aois incheadaithe uasta de dheich mbliana nó de chúig bliana déag bainte amach ag gnáth-thacsaí, gnáth-hacnaí, tacsaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha nó hacnaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2023, mar gheall ar na tréimhsí ama a sonraítear i mír (1) agus (2), measfar nach bhfuil a n-aois incheadaithe uasta bainte amach acu go ceann 36 mí i ndiaidh an dáta ar a mbainfeadh siad a n-aois incheadaithe uasta de dheich mbliana nó de chúig bliana déag amach mar gheall ar na tréimhsí ama a shonraítear i mír (1) agus (2) gan cur i bhfeidhm an mhír (7) seo.*

*(8) D'ainneoin aon ní i mír (1) nó (2), ina mbeadh a n-aois incheadaithe uasta de dheich mbliana nó de chúig bliana déag bainte amach ag gnáth-thacsaí, gnáth-hacnaí, tacsaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha nó hacnaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollaig 2024, mar gheall ar na tréimhsí ama a sonraítear i mír (1) agus (2), measfar nach bhfuil a n-aois incheadaithe uasta bainte amach acu go ceann 36 mí i ndiaidh an dáta ar a mbainfeadh siad a n-aois incheadaithe uasta de dheich mbliana nó de chúig bliana déag amach mar gheall ar na tréimhsí ama a shonraítear i mír (1) agus (2) gan cur i bhfeidhm an mhír (8) seo.*

*(8A) D'ainneoin aon ní i mír (1), ina mbeadh a n-aois incheadaithe uasta de dheich mbliana nó de chúig bliana déag bainte amach ag gnáth-thacsaí, gnáth-hacnaí, tacsaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha nó hacnaí atá inrochtana ag cathaoireacha rotha idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2025 (i ndiaidh theacht i bhfeidhm na Rialachán um Rialáil Tacsaithe (Aois Incheadaithe Uasta Tacsaithe) 2025), mar gheall ar na tréimhsí ama a sonraítear i mír (1), measfar nach bhfuil a n-aois incheadaithe uasta bainte amach acu go ceann 12 mí i ndiaidh an dáta ar a mbainfeadh siad a n-aois incheadaithe uasta de dheich mbliana nó de chúig bliana déag amach mar gheall ar na tréimhsí ama a shonraítear i mír (1) gan cur i bhfeidhm an mhír (8A) seo.*

*(9) D'fhonn amhras a sheachaint, is é rún mír (4), (5), (6), (7) (8) agus (8A) síneadh 60 mí, 48 mí, 48 mí, 36 mí, 36 mí agus 12 mí faoi seach a chur le haois incheadaithe uasta na bhfeithiclí a mbeadh a n-aois incheadaithe uasta bainte amach acu sna tréimhsí a luaitear sna míreanna sin.".*

5. Déantar na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Beart Teagmhasachta – Soláthar Feithiclí) (Aois Incheadaithe Uasta) 2022 (I.R. Uimh. 588 of 2022) a chúlghairm.

ARNA THABHAIRT faoi Shéala an Údaráis Náisiúnta Iompair,

[●]

Peter Strachan

Cathaoirleach, an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

NÓTA MÍNITHE

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Is é príomhchuspóir na Rialachán seo ná Rialachán 31 de na Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Aois Incheadaithe Uasta Tacsaithe) 2015 (arna leasú) a leasú maidir lena riachtanais aoise incheadaithe uasta i dtaca le feithiclí a cláraíodh le linn 2015 a mbaintear úsáid astu mar thacsaithe agus a mbeadh dlite chun a n-aois incheadaithe uasta a bhaint amach in 2025. Leis an leasú, cuirtear síneadh dhá mhí dhéag leis an saolré uasta seirbhíse sin.